Fáilteoir agus Riarthóir
Post ar Chonradh

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh bliana do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Ard-Oifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach agus go mbeidh sé/sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna maithe eagrúcháin aige / aici agus gur féidir leis / léi oibriú go héifeachtach le daoine eile.

Beidh na tréithe / na scileanna a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Scil sa chumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon,
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa,
- Sárscileanna riaracháin,
- Ard-chumas scileanna ríomhaireachta,
- Tuiscint leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí Gaeltachta.

Dualgais

- An oifig fháiltithe a láimhseáil de réir riachtanais, an malartán a bhainistiú, an postas agus fiosrúcháin fóin & ríomhphoist a láimhseáil.
- Seirbhís eolais a sholáthar don phobal de réir riachtanais.
- Tacaíocht riaracháin a thabhairt don Rannóg Cumarsáide, mar aon le fáiltiú roimh chuairteoirí agus cruinnithe a shocrú.
- Aon dualgas eile a leagtar síos ó am go ham

Tá tuarastal ar scála pá Oifigeach Cléireachais na Státseirbhíse €26,599 - €43,249. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ard-Oifig an Údaráis, Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4in Dé Máirt an 31 Eanáir 2023 chuig foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.